Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Iúil 2024**
**(OR. en)**

**11929/24**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0146(NLE)**

**POLCOM 218**
**FDI 59**
**ENER 366**
**ATO 51**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 2 Iúil 2024 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2024) 256 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit a ghlacadh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2024) 256 final.

---

Faoi iamh: COM(2024) 256 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 2.7.2024
COM(2024) 256 final

2024/0146 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit a ghlacadh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Is comhaontú iltaobhach trádála agus infheistíochta é an Conradh um Chairt Fuinnimh (ECT) a bhfuil feidhm aige maidir leis an earnáil fuinnimh a síníodh in 1994 agus a tháinig i bhfeidhm in 1998. Is Páirtí Conarthach é an tAontas Eorpach in ECT[1], in éineacht le Euratom, 22 Bhallstát (ón 19 Meitheamh 2024)[2], mar aon leis an tSeapáin, an Eilvéis, an Tuirc agus formhór na dtíortha sna Balcáin Thiar agus in iar-Aontas na bPoblachtaí Sóivéadacha Sóisialacha, cé is moite den Rúis[3] agus den Bhealarúis[4].

In *Komstroy*[5], chinn CBAE nach mór Airteagal 26(2)(c) ECT a léirmhíniú sa chaoi nach mbeidh sé infheidhme maidir le díospóidí idir Ballstát amháin agus infheisteoir ó Bhallstát eile i ndáil le hinfheistíocht a rinne an t- infheisteoir sin sa chéad Bhallstát. Mar sin féin, leanann boird eadrána de bheith ag glacadh le dlínse agus ag tabhairt dámhachtainí in imeachtaí laistigh den Aontas. An 5 Deireadh Fómhair 2022 chuir an Coimisiún Teachtaireacht chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig na Ballstáit inar leagadh amach go raibh sé ar intinn aige tús a chur le caibidlíocht maidir le comhaontú idir an tAontas, Euratom agus na Ballstáit i ndáil le léirmhíniú an Chonartha um Chairt Fuinnimh lena n-áireofaí, go háirithe, deimhniú nach raibh, nach bhfuil agus nach mbeidh feidhm riamh ag ECT laistigh den Aontas, nach féidir le ECT a bheith ina bhunús le haghaidh imeachtaí eadrána, agus nach bhfuil feidhm ag an gclásal éagtha. Rinneadh an chaibidlíocht cheana féin. Meastar anois go bhfuil téacs an chomhaontaithe *inter se* cobhsaí. An 26 Meitheamh 2024 cuireadh inisealacha leis an téacs, lenar tugadh le fios go bhfuil an chaibidlíocht dúnta.

### • An comhaontú atá beartaithe

Ní luaitear aon rud nua sa chomhaontú. Is léiriú é ar chásdlí CBAE agus tá sé iomlán i gcomhréir le seasamh seanbhunaithe an Aontais mar a cuireadh in iúl go mion minic é, lena n-áirítear i gcúirt oscailte i ndlínsí tríú tír. Sna haithrisí a ghabhann leis an gcomhaontú déantar cur síos ar stair agus comhthéacs an chomhaontaithe, lena n-áirítear go háirithe léirmhíniú dhlí an Aontais arna thabhairt ag CBAE, agus aithnítear iontu go bhfuil an bonn á bhaint de chur chun feidhme éifeachtach dhlí an Aontais trí dhámhachtainí a eisiúint in imeachtaí eadrána laistigh den Aontas. Leis an bhforáil aonair substainte (Airteagal 2) leagtar amach comhthuiscint na bpáirtithe sa chomhaontú maidir le neamh-infheidhmeacht Airteagal 26(2)(c) ECT laistigh den Aontas agus easpa aon bhunús dlí dá bharr sin le haghaidh imeachtaí eadrána laistigh den Aontas mar a chuirtear in iúl sa chomhaontú *inter se*.

---

1 Cinneadh 98/181/CE ón gComhairle agus ón gCoimisiún, CEGC, Euratom an 23 Meán Fómhair 1997 maidir leis na Comhphobail Eorpacha do thabhairt i gcrích an Chonartha um Chairt Fuinnimh agus an Phrótacail um Chairt Fuinnimh maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus gnéithe gaolmhara comhshaoil (IO L 69, 9.3.1998, lgh. 1-116).

2 Tharraing an Iodáil siar go haontaobhach in 2015. Chuir an Fhrainc, an Ghearmáin, an Pholainn agus Lucsamburg tús freisin le nós imeachta um tharraingt siar idir mí na Nollag 2022 agus mí an Mheithimh 2023, as ar eascair a scor éifeachtach ón gConradh um Chairt Fuinnimh, i gcás na Fraince, na Gearmáine agus na Polainne i mí na Nollag 2023 agus i gcás Lucsamburg ón 17 Meitheamh 2024.

3 Rinne an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 stádas breathnóra Chónaidhm na Rúise a tharraing siar.

4 Rinne an Chomhdháil urghnách maidir leis an gCairt Fuinnimh an 24 Meitheamh 2022 stádas breathnóra na Bealarúise agus cur i bhfeidhm sealadach ECT a bhí á dhéanamh ag an mBealarúis a tharraing siar.

5 An breithiúnas in *République de Moldavie*, C-741/19, EU:C:2021:655.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Níor urramaigh boird eadrána breithiúnas *Komstroy*, ar boird iad nach ndéanann, ar bhonn comhsheasmhach, dlínse a dhiúltú de bharr easpa comhaontaithe eadrána bhailí agus, mar thoradh air sin, tugadh dámhachtainí eadrána, agus leantar de dhámhachtainí eadrána a thabhairt, ar bhealach atá contrártha le rialacha an Aontais Eorpaigh agus EURATOM. Is minic a bhíonn na dámhachtainí sin faoi réir imeachtaí forfheidhmithe, lena n-áirítear i dtríú tíortha. Tá riosca ann go mbeadh coinbhleacht idir na Conarthaí agus ECT mar a léirmhíníonn roinnt boird eadrána é, agus i gcás ina ndeimhneodh na cúirteanna i dtríú tír é sin, bheadh coinbhleacht dhlíthiúil *de facto* ann mar bheadh dámhachtainí eadrána a sháraíonn dlí an Aontais i gcúrsaíocht i ndlíchórais tríú tíortha.

De réir chásdlí na Cúirte, an riosca go mbeadh coinbhleacht dhlíthiúil ann, fágann sé go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ar neamhréir le dlí an Aontais. I dtuairim an Choimisiúin, chun go mbeidh ECT ag luí leis na Conarthaí, ní mór deireadh a chur le gach riosca coinbhleachta. Ní mór comhlíonadh chásdlí CBAE a bhaint amach a bheith san áireamh i mbeartas fuinnimh an Aontais mar aon le coinbhleacht idir ECT, gníomh de chuid dhlí an Aontais, agus Conarthaí FAE agus AE a sheachaint. I bhfianaise sheasamh na mbord eadrána, beidh sé tábhachtach aghaidh a thabhairt ar an riosca ó thaobh an dlí idirnáisiúnta de. Chuige sin, rinne an Coimisiún Comhaontú a chaibidil maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit.

Is beart riachtanach é an Comhaontú chun cuspóirí bheartas fuinnimh an Aontais a bhaint amach, mar a shonraítear thuas. Ní fhoráiltear maidir leis na cumhachtaí is gá i gConradh Euratom. Dá bhrí sin, ba cheart an cinneadh síniú an chomhaontaithe a údarú thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a ghlacadh ar bhonn Airteagal 203 EURATOM.

- **Comhréireacht**

Is Páirtí Conarthach in ECT é an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach freisin agus, dá réir sin, is faoin gComhairle atá sé cinneadh a dhéanamh ar cheart do Euratom a bheith ina pháirtí sa Chomhaontú lena léirmhínítear an Conradh sin. Cásdlí CBAE atá ann cheana agus an iliomad idirghabhálacha ón gCoimisiún os comhair boird eadrána agus cúirteanna tríú tíortha, níor leor iad chun cur chun feidhme éifeachtach dhlí an Aontais a áirithiú agus chun deireadh a chur leis an riosca coinbhleachta idir ECT agus Conarthaí FAE agus AE. Má tá an gníomh atá le glacadh chun an éifeacht inmhianaithe a bheith aige ar chleachtas cinnteoireachta na mbord eadrána, ní mór dó a bheith ina ghníomh dlí idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún den tuairim gurb é an freagra iomchuí ionstraim a ghlacadh i bhfoirm comhaontaithe idir na páirtithe maidir le léirmhíniú an chonartha.

## 3. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

dada

## 4. EILIMINTÍ EILE

Sna céimeanna déanacha de chaibidlíocht an Chomhaontaithe, ardaíodh an fhéidearthacht Dearbhú a dhéanamh maidir le hiarmhairtí dlíthiúla bhreithiúnas Komstroy chun go gcuirfí an

chomhthuiscint a léirítear sa chomhaontú *inter se* ar bhonn foirmiúil. Shínigh an Coimisiún an Dearbhú sin thar ceann an Aontais.

2024/0146 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach an Comhaontú maidir le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chonartha um Chairt Fuinnimh idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus a mBallstáit a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 203 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[6],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) In *Republic of Moldova v Komstroy*, C-741/19, chinn CBAE nach mór Airteagal 26(2)(c) ECT a léirmhíniú sa chaoi nach mbeidh sé infheidhme maidir le díospóidí idir Ballstát amháin agus infheisteoir ó Bhallstát eile i ndáil le hinfheistíocht a rinne an t- infheisteoir sin sa chéad Bhallstát.

(2) Mar sin féin, leanann boird eadrána de bheith ag glacadh le dlínse agus ag tabhairt dámhachtainí in imeachtaí laistigh den Aontas a mhaítear go bhfuil siad bunaithe ar Airteagal 26(2)(c) ECT. Dar le CBAE, ní mór a mheas go bhfuil aon dámhachtain eadrána den sórt sin ar neamhréir le dlí an Aontais, go háirithe Airteagail 267 agus 344 CFAE. Dá bhrí sin, ní féidir aon éifeacht a bheith ag dámhachtain den sórt sin agus, mar sin, ní féidir í a fhorfheidhmiú chun go n- íocfar an cúiteamh arna dhámhachtain léi.

(3) Tá an bonn á bhaint de chur chun feidhme éifeachtach dhlí an Aontais mar gheall ar dhámhachtainí den sórt sin a eisiúint in imeachtaí eadrána laistigh den Aontas. Tá riosca ann go mbeadh coinbhleacht idir na Conarthaí agus an Conradh um Chairt Fuinnimh mar a léirmhíníonn roinnt boird eadrána é, agus i gcás ina ndeimhneodh na cúirteanna i dtríú tír é sin, bheadh coinbhleacht dhlíthiúil *de facto* ann mar bheadh dámhachtainí eadrána a sháraíonn dlí an Aontais i gcúrsaíocht i ndlíchórais tríú tíortha.

(4) De réir chásdlí na Cúirte, an riosca go mbeadh coinbhleacht dhlíthiúil ann, fágann sé go bhfuil comhaontú idirnáisiúnta ar neamhréir le dlí an Aontais. Ba cheart deireadh a chur leis an riosca coinbhleachta dlíthiúla. Le glacadh ionstraime dlí idirnáisiúnta ina leagtar amach comhthuiscint na sínitheoirí maidir le neamh-infheidhmeacht Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh mar bhunús le haghaidh imeachtaí eadrána laistigh den Aontas, ba cheart go gcuideofaí leis an aidhm sin a bhaint amach.

(5) D'éirigh leis an gCoimisiún, thar ceann an Aontais Eorpaigh agus EURATOM, agus na Ballstáit caibidlíocht a thabhairt i gcrích maidir le téarmaí comhaontaithe den sórt sin. Athdhearbhaíodh an chomhthuiscint atá sa Chomhaontú sin i nDearbhú maidir le

[6] IO C , , lch. .

hiarmhairtí breithiúnais na Cúirte Breithiúnais in Komstroy agus comhthuiscint ar neamh-infheidhmeacht Airteagal 26 den Chonradh um Chairt Fuinnimh mar bhunús le haghaidh imeachtaí eadrána laistigh den Aontas, an 26 Meitheamh 2024.

(6) Ba cheart an Comhaontú a ghlacadh, faoi réir a shínithe tráth níos déanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Glactar leis seo an Comhaontú atá san Iarscríbhinn, faoi réir shíniú an Chomhaontaithe sin, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

Údaraítear leis seo d'Uachtarán an Choimisiúin an duine nó na daoine a ainmniú a bhfuil sé de chumhacht acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*